AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS
GAELTACHTA AGUS GAELSCOLAÍOCHTA

An Cód Cleachtais don Rialachas Corparáideach

Bunaíodh an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) i 2002 faoi fhorálacha Alt 31 den Acht Oideachas 1998.

Tá córas rialachais corparáideach á chur i bhfeidhm ag COGG de réir an dea-chleachtais.

Leagtar síos sa cháipéis seo géilliúlacht COGG don Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Ballraíocht

- Dáréag atá ar bhord COGG, an Cathaoirleach agus aon chomhalta déag eile.

- Ceapfaidh an tAire Oideachais agus Scileanna comhaltaí COGG as ainmnithe ó na ceardchumainn mhúinteoireachta, eagraíochtaí Gaeilge agus ón Roinn Oideachais agus Scileanna, eadhon, Cumann Múinteoirí Éireann; Aontas Múinteoirí Éireann; Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire; Gaeloideachas Teoranta (ionadaí tuismitheoirí agus ionadaí eile); Údarás na Gaeltachta (ionadaí tuismitheoirí agus ionadaí eile); CNCM; CCEA Foras na Gaeilge agus Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna.

- Déanfar gach iarracht cothromas inscne a chinntiú agus ceapacháin á ndéanamh.

- Is tréimhse trí bliana é téarma oifige comhalta. Tosóidh téarma oifige chomhalta ar dháta an cheapacháin. Is ceadmhach téarma ceapacháin a shíneadh uair amháin go téarma trí bliana eile.

- Féadfaidh comhalta, tráth ar bith, éirí as oifig mar chomhalta trí litir chuig an Aire agus beidh éifeacht leis an éirí as ón dáta ar a bhfaighfear an litir.

- Déanfaidh an Bord na socruithe cuí leis an bhfolúntas a líonadh de réir na hionadaíochta thuasluaite

- Aon chomhalta lena n-áirítear an cathaoirleach-

    - a bhfuil aon leas aige nó aici in aon chuideachta nó gnólacht lena mbeartaíonn COGG aon chonradh a dhéanamh, nó
    - a bhfuil aon leas aige nó aici in aon chonradh a bheartaíonn COGG a dhéanamh,

  nochtfaidh sé nó sí do COGG go bhfuil an leas sin aige nó aici agus cad é an leas é agus ní ghlacfaidh sé nó sí páirt in aon bhreithniú nó cinneadh ag COGG a bhaineann leis an gconradh, agus déanfar an nochtadh a thaifeadadh i miontuairiscí COGG.

Cathaoirleach

- Ceapfaidh an tAire Oideachais agus Scileanna Cathaoirleach COGG mar thoradh ar phróiseas ceapacháin poiblí faoi stiúir na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí

- Beidh téarma oifige trí bliana ag an gCathaoirleach. Tosóidh téarma oifige an chéad chathaoirligh ar dháta an cheapacháin. Is féidir síneadh trí bliana aon uaire a chur le tréimhse ceapacháin an Chathaoirligh

- Féadfaidh an Cathaoirleach, tráth ar bith, éirí as oifig mar chathaoirleach trí litir chuig an Aire agus beidh éifeacht leis an éirí as ón dáta ar a bhfaighfear an litir.

- Is é an Cathaoirleach atá freagrach as clár chruinnithe an Bhoird.

- Tá an Cathaoirleach freagrach as a chinntiú go mbíonn plé oscailte ag na cruinnithe.

- Tá an Cathaoirleach freagrach as a chinntiú go mbíonn cáipéisí na gcruinnithe ar fáil in am tráth.

- Tá an Cathaoirleach freagrach as a chinntiú go bhfuil na scileanna cuí ag baill an Bhoird.

- Tá an Cathaoirleach freagrach as tuairisciú don Aire agus do Choistí Oireachtais, más cuí.

- Tá an Cathaoirleach freagrach as tuairiscí bliantúla oibre, caiteachais agus gnó a chur faoi bhráid an Aire.

- Tá an Cathaoirleach freagrach as dearbhú gur ann do smachtaí inmheánacha.

- Ní cheapfar an Príomhfheidhmeannach mar Chathaoirleach agus déanfar idirdhealú idir fhreagrachtaí an Chathaoirligh agus freagrachtaí an Phríomhfheidhmeannaigh.

- Gheobhaidh an Cathaoirleach cead ón Roinn Oideachais agus Scileannaamaidir le fáil réidh le haon sochmhainní atá ag COGG

- Dearbhóidh an Cathaoirleach sa Tuairisc Bhliantúil géilliúlacht COGG do gach mír ábhartha sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Freagrachtaí an Bhoird

- Tá freagracht ar gach ball den Bhord feidhmiú go macánta, go neamhspleách agus go hiontaofa ar mhaithe leis an mBord.
- Ullmhóidh an Bord Plean Straitéise COGG do thréimhse 3-5 bliana agus seolfar é, mar aon le Plean Oibre, chuig an Aire sula bhfaomhfar é.
- Tarmligfidh an Bord reáchtáil COGG ó lá go lá go Príomhfheidhmeannach agus foireann COGG.
- Tabharfar tuairiscí rialta don Bhord ar fheidhmiú COGG.
- Tabharfaidh an Bord tacaíocht agus comhairle don Chathaoirleach, don Phríomhfheidhmeannach agus don fhoireann.
- Cinnteoidh an Bord go bhfuil córais smacht airgeadais agus bainistiú riosca láidre agus

inchosanta i bhfeidhm.

- Cinnteoidh an Bord go n-eiseofar litir cheapacháin do gach comhalta ag rianú an tiomantas ama agus seirbhíse a bheidh i gceist.
- Déanfaidh an Bord athbhreithniú ar phróiseas measúnaithe an Bhoird maidir l comhdhéanamh an bhoird agus an rialachas corparáideach.
- Coimeádfaidh an Bord ar an eolas faoi fhorbairtí a bhaineann leis an rialachas corparáideach le dea-chleachtais a chinntiú.
- Cinnteoidh an Bord go bhfuiltear ag cloí leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.
- Ag deireadh téarma an Bhoird, tabharfaidh gach comhalta aon cháipéis a bhaineann le cruinnithe Boird ar lámh don fheidhmeannas nó tabharfar dearbhú i scríbhinn gur scriosadh na cáipéisí.
- Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur ann do Chomhaontú Soláthar Feidhmíochta leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus go bhfuil an fhoireann ar an eolas faoi agus go ndéantar athbhreithniú rialta air.

Rúnaí

- Cinnteoidh Rúnaí an Bhoird go bhfaigheann an Bord eolas agus cáipéisí go tráthúil ionas go ndéanfar breithniú ceart ar shaincheisteanna.
- Beidh an Rúnaí freagrach as ionduchtú an Bhoird agus meantóireacht, más cuí, chomh maith le gach eolas a bhaineann le feidhmiú an Bhoird a chur ar fáil.
- Coimeádfaidh Rúnaí an Bhoird miontuairiscí na gcruinnithe.
- Scaipfidh an Rúnaí na miontuairiscí ar chomhaltaí an Bhoird.
- Tuairisceoidh an Rúnaí gach a bhaineann le rialachas chuig Cathaoirleach an Bhoird.

Cruinnithe na Comhairle

- Tionólfaidh an Chomhairle cibé cruinnithe agus cibé méid cruinnithe, agus sin ag cibé tráth a mheasfaidh an cathaoirleach is gá, ach ar a laghad cúig chruinniú in aghaidh na bliana

- Gairmfidh Rúnaí an Bhoird, ar iarratas an Chathaoirligh, cruinnithe an Bhoird.

- Gairmfidh Rúnaí an Bhoird, ar iarratas an Chathaoirligh, cruinniú Boird aon uair a iarrfaidh líon nach lú ná ceathrar comhalta air nó uirthi déanamh amhlaidh.

- Mura socraítear a mhalairt, seolfar fógra cruinnithe le hionad, am agus dáta, chomh maith le clár cruinnithe chuig gach comhalta ar a laghad 7 lá roimh an gcruinniú. Seolfar cáipéisí an chruinnithe chuig na comhaltaí ag an am céanna.

- Is é is córam do chruinniú na Comhairle trian de líon iomlán na gcomhaltaí (ceathrar), arna chothromú suas go dtí an chéad slánuimhir eile, móide a haon (cúigear).

Ag cruinniú den Chomhairle,

- beidh an cathaoirleach, má bhíonn sé nó sí i láthair, ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú,
- mura mbeidh agus fad nach mbeidh an cathaoirleach i láthair nó má bhíonn oifig an chathaoirligh folamh, beidh an leaschathaoirleach ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú

- mura mbeidh agus fad nach mbeidh an cathaoirleach í láthair nó má bhíonn agus fad a bheidh oifig an chathaoirligh folamh, agus mura mbeidh agus fad nach mbeidh leaschathaoirleach i láthair nó má bhíonn agus fad a bheidh oifigí an leaschathaoirligh folamh, déanfaidh na comhaltaí den Chomhairle a bheidh i láthair duine dá líon a roghnú chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú.

- má dhéanfar ceist ag cruinniú den Chomhairle a chinneadh le vóta déanfar é le tromlach vótaí na gcomhaltaí a bheidh i láthair agus a vótálfaidh ar an gceist agus, i gcás comhionannais vótaí, beidh an dara vóta nó vóta réitigh ag cathaoirleach an chruinnithe.

- Beidh dhá chruinniú (nó mír as dhá chruinniú) in aghaidh na bliana ag COGG gan an feidhmeannas i láthair.

- Féadfaidh an Chomhairle gníomhú d'ainneoin folúntais nó folúntas i measc a comhaltaí.

- Íocfar liúntais taistil agus cothabhála de réir gnáthrialacha na seirbhíse poiblí le comhaltaí an Bhoird as freastal ar chruinnithe COGG.

- Féadfaidh COGG nó an Cathaoirleach cuireadh a thabhairt d'aon duine nach ball den Bhord é/í freastal agus labhairt ag cruinniú den Bhord gan cead vótála.

- Féadfaidh COGG a cuid rialacha seasta a cheapadh de réir mar a oireann, chomh fada is nach sáraíonn siad an Cód Rialachais.

- Cloífear le forálacha na nAchtanna um Eitice in Oifigí Poiblí

- Fógróidh comhaltaí an Bhoird aon choimhlint leasa a bhaineann le clár na gcruinnithe agus fágfaidh aon duine le coimhlint leasa an cruinniú le linn an phlé faoin ábhar sin

- Má tá éiginnteacht ann faoi choimhlint leasa, is faoin gCathaoirleach é rialú a dhéanamh

- Déanfar comhalta de COGG a bheidh as láthair ó gach cruinniú de COGG ar feadh dhá mhí déag as a chéile, mura rud é gur breoiteacht faoi deara é nó í a bheith as láthair nó gur cheadaigh COGG é, a dhícháiliú ag deireadh na tréimhse sin chun leanúint de bheith ina chomhalta nó ina comhalta ar feadh a mbeidh fágtha de théarma oifige an duine sin.

Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

- Bunóidh an Chomhairle Coiste Iniúchóireachta agus Riosca.
- Ceapfar Cathaoirleach ar an gcoiste nach comhalta boird é/í.
- Ceapfar beirt chomhalta eile ón mbord
- Freastalóidh an Príomhfheidhmeannach ar chruinnithe an Choiste, más é sin mian an Choiste.
- Is gá don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca clár riosca an Bhoird a fhorbairt.
- Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca freagrach as cuntais agus iniúchóireacht na gcuntas.

Fochoistí

- Féadfaidh COGG am ar bith fochoistí de chuid na Comhairle a bhunú.
- Leagfaidh COGG síos téarmaí tagartha, ballraíocht agus líon na mball do gach fochoiste a bhunófar, agus ceapfaidh an Chomhairle cathaoirligh na bhfochoistí.
- Féadfaidh COGG daoine nach baill iad de COGG a cheapadh mar bhaill d'aon fhochoiste ach ní bheidh cead vótála ag na daoine sin.
- Beidh an Cathaoirleach agus an Leas-chathaoirleach ina mball ex *officio* de gach fochoiste.
- Féadfaidh COGG tráth ar bith, aon choiste a cheapfar faoin alt seo a dhíscaoileadh.

Airgead

- Beidh údarú beirte ag teastáil do gach íocaíocht a déantar. Is iad an Príomhfheidhmeannach agus duine eile a dhéanfaidh údarú ar íocaíochtaí, ach ceapfar suas le beirt eile le híocaíochtaí a údarú.
- Ceapfaidh an Chomhairle Iniúchóirí agus déanfar cuntais na Comhairle a iniúchadh go bliantúil
- Is í an bhliain féilire bliain airgeadais na Comhairle.
- Is tréimhse trí bliana a bheidh ag na hIniúchóirí, ach is féidir iad a athcheapadh.
- Déanfaidh an Príomhfheidhmeannach nó fostaí eile ainmnithe aige/aici cuntas airgid a chur ar fáil ag gach cruinniú den Chomhairle.

Foireann

- Beidh Príomhfheidhmeannach na Comhairle freagrach don Chomhairle, agus idir chruinnithe na Comhairle, don Chathaoirleach, nó in éagmais an Chathaoirligh do leaschathaoirleach na Comhairle.
- Muna bhfuil an Cathaoirleach nó an leaschathaoirleach ar fáil ceapfaidh an Chomhairle duine as a measc féin agus beidh an Príomhfheidhmeannach freagrach dó/di idir chruinnithe na Comhairle.
- Má tharlaíonn sé idir chruinnithe na Comhairle nach mbeidh an Cathaoirleach nó an leas-chathaoirleach ar fáil ceapfaidh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca duine as a measc féin agus beidh an Príomhfheidhmeannach freagrach dó/di idir chruinnithe na Comhairle.
- Beidh gach ball foirne eile freagrach don bPríomhfheidhmeannach.
- Ní ceadmhach d'aon bhall foirne den Chomhairle a bheith mar bhall den Chomhairle.

Éagsúil

Is í an Ghaeilge teanga oibre na Comhairle.

Leasú

- Féadfaidh an Chomhairle aon mhír de na Téarmaí Tagartha seo a leasú nó míreanna breise a chur leis chomh fada is nach sáróidh aon athrú nó aon mhír breise Alt 31 den Acht Oideachais nó cinneadh an Aire Oideachais agus Scileanna.
- Ní ghlacfar le haon athrú ar na Téarmaí Tagartha seo ach amháin go bhfuil sé i bhfoirm rúin, le cuiditheoir amháin, agus curtha chuig na comhaltaí 21 lá ar a laghad roimh dháta an chéad chruinnithe eile, agus go nglactar leis an rún le móramh dhá thrian na gcomhaltaí atá i láthair.